C/2025/1567

7.3.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11916 – ADVENT / MUBADALA / PROSPER LINK INTERNATIONAL)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/1567)

1. An 27 Feabhra 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Advent International, L.P. ('Advent', Stáit Aontaithe Mheiriceá), faoi rialú AIC Parent, Inc. (Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Mubadala Investment Company PJSC ('MIC', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha),

— Prosper Link International Limited ('Prosper', Ógh-Oileáin na Breataine).

Gheobhaidh Advent agus MIC rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Prosper.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Advent: infheisteoir cothromais phríobháidigh a dhíríonn ar bhunanna cothromais a fháil agus ar chistí infheistíochta a bhainistiú in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear cúram sláinte, tionsclaíoch, teicneolaíocht, miondíol, tomhaltóirí agus fóillíocht, agus seirbhísí gnó agus airgeadais,

— MIC: cuideachta infheistíochta atá faoi lánúinéireacht Rialtas Abú Daibí, agus a bhainistíonn punann éagsúil sócmhainní agus infheistíochtaí in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus ar an gcoigríoch,

— Prosper: gnólacht atá ag gabháil go príomha do lionsaí tadhaill traidisiúnta agus táirgí cúraim lionsaí tadhaill a mhonarú agus a dhíol i Mórthír na Síne, faoina dhá ainm branda mhóra Hydron agus Horien.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11916 – ADVENT / MUBADALA / PROSPER LINK INTERNATIONAL

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË